



Nóta Príobháideachais

RÉAMHRÁ

Agus é ag feidhmiú mar pháirtí polaitiúil bailíonn Sinn Féin sonraí óna mbaill chun a chuid oibleagáidí conarthacha dá chuid ball a chomhlíonadh (áirítear le ballraíocht baill pháirtí Shinn Féin agus baill Chairde Shinn Féin). Leis an bhfógra seo míneofar do chuid sonraí de réir dhlí um chosaint sonraí maidir le do chuid sonraí a phróiseáil.

RIALTÓIR SONRAÍ

Is é Sinn Féin an Rialtóir Sonraí le haghaidh gach ball de Shinn Féin agus tá sé freagrach as na sonraí pearsanta a bhailítear maidir lena bhallraíocht. Má tá ceisteanna ar bith agat maidir le do chuid sonraí pearsanta a bhailiú, tá Oifigeach Comhlíontacháin ag Sinn Féin lenar féidir teagmháil a dhéanamh mar a leanas: tríd an bpost ag Oifigeach Comhlíontacháin um Chosaint Sonraí, Ard-Oifig, 44 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1, nó le ríomhphoistl dataprotection@sinnfein.ie.

NA SONRAÍ A CHOINNÍMID

Ionas gur féidir le Sinn Féin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh leatsa mar bhall ní mór dúinn sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil maidir leatsa lena n-áirítear (ní bhíonn na sonraí seo má chuir tú ar fáil é cheana): D'ainm, do sheoladh, d'uimhir ghutháin, do sheoladh ríomhphoist, d'insnce, agus do dháta breithe.

Coinnítear eolas ar idirghníomhaíocht ar bith linn ar leibhéal náisiúnta ar nós freastail ar an Ard-Fheis, ar chomhdhálacha náisiúnta nó comhfhreagras ar bith le hoifigigh ar bith san Ard-Oifig nó ar leibhéal oifig sa pháirtí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

AN FÁTH A GCOINNÍMID BHUR SONRAÍ AGUS AN DÓIGH A BHFAIGHIMID É.

Tá cead ag Sinn Féin, agus é i mbun gníomhartha, a bheith ag plé le sonraí pearsanta leochaileacha (tuairimí polaitiúla) sa chás ina mbaineann plé leis an bhfaisnéis le baill an pháirtí, nó iarbhaill, nó duine a bhíonn i dteagmháil go rialta leis an bpáirtí maidir le cuspóirí an pháirtí. Coinníonn Sinn Féin bhur gcuid sonraí chun taifead a choinneáil ar bhallraíocht agus chun eolas a chur ar fáil dár mbaill maidir lenár dtionscadail pholaitiúla, riarachán inmheánach an pháirtí, stocaireacht pholaitiúil, tiomsú airgid, agus ionas gur féidir leat páirt a ghlacadh i struchtúir Shinn Féin agus i ndaonlathas inmheánach an pháirtí. Is iad ár mbaill a chuireann sonraí ar bith a choinnímid fúthú féin nuair a ghlacann siad ballraíocht leis an bpáirtí agus nuair a íocann siad cleamhnacht nó nuair a bhíonn idirghníomhaíocht ar bith ar bhonn áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta.

AN FÁTH A BPRÓISEÁLAIMID BHUR SONRAÍ

Próiseálann Sinn Féin do shonraí pearsanta chun ár n-oibleagáidí mar pháirtí polaitiúil a choinneáil. De réir dhlí um Chosaint Sonraí tá sé de dhualgas orainn cinnte a dhéanamh de go mbíonn cúis iomchuí ann chun do shonraí pearsanta a phróiseáil, agus ní mór dúinn an chúis sin a chur ar bhur n-eolas. Is é an príomhbhunús a úsáidimid ná; sonraí pearsanta a phróiseáil a bhfuil gá leis chun ár gcuid conarthaí maidir le ballraíocht Shinn Féin a chur i bhfeidhm; tá próiseáil sonraí pearsanta riachtanach ionas gur féidir linn ár spriocanna dlíthiúla mar pháirtí polaitiúil a leanstan agus chun sonraí sonraí pearsanta a phróiseáil atá riachtanach de réir dlí infheidhmithe.

Maidir le comhthoil mar bhonn chun sonraí a phróiseáil i gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh orainn do chomhthoil a fháil. Má phróiseálaimid do shonraí pearsanta ar bhonn do chomhthoil, tá tú saor chun an chomhthoil a tharraingt siar am ar bith. Is féidir leat do chomhthoil a tharraingt siar trí theagmháil a dhéanamh linn trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ag bun an fhógra seo. Tabhair faoi deara má tharraingíonn tú do chomhthoil siar is féidir nach mbeimid in ann leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís a chomhthoiligh tú di a sholáthar.

Agus tú ag glacadh ballraíochta le Sinn Féin tá eolas áirithe ag teastáil uainn uait ionas gur féidir linn conradh a dhéanamh leat agus na seirbhísí a sholáthar duit atá lárnach agus tú i do bhall de pháirtí polaitiúil. Sa chás seo léireoidimid ar na foirmeacha cuí go mbeidh sonraí pearsanta ag teastáil leis an gconradh a dhéanamh leat. Mura gcuireann tú an t-eolas ar fáil, ní bheimid in ann ballraíocht a thabhairt duit.

CÉ LEIS AN GCOMHROINNEANN TÚ DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Cuirfidh Ard-Oifig Shinn Féin do chuid sonraí pearsanta ar fáil do struchtúir ábhartha agus d'oifigí an pháirtí ionas gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leat, de réir Bhunreacht, Rialacha agus Rialacháin Shinn Féin. Déanfar roinnt inmheánach sonraí a phróiseáil de réir an dea-chlachtais agus de réir Dhlí um Chosaint Sonraí.

Bíonn Sinn Féin ag brath fosta ar thríú páirtithe chun seirbhísí sainfheidhmeacha a sholáthar dúinn. Áirítear leis seo cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí TF, seiceálacha ar sheoltaí agus comhairleoirí dlí, cuntasaóir agus comhairleoirí. Nuair a bhíonn rochtain ag ár soláthróirí seirbhíse ar do sonraí pearsanta, áirímid go bhfuil siad de réir conarthaí cuí agus cosaintí eile agus go gcomhlíonann siad Dlí um Chosaint Sonraí.

I gcúinsí áirithe baineann Sinn Féin úsáid as aipeanna tríú páirtí chun seirbhísí áirithe a sholáthar (ar nós táillí ballraíochta a íoc ar líne). Má tá tú ag baint úsáide as na haipeanna seo tríú páirtí agus tú a ghríosú ag Sinn Féin mar chuid de phróiseas atá iarrtha ag an bpáirtí a chur i gcrích, cuirfear in iúl duit láithreach go mbeidh tú ag baint úsáide as seirbhísí aip tríú páirtí nach mbeidh mar chuid de phróiseas sonraí Shinn Féin. Cinnteoidh Sinn Féin go mbainfear úsáid as na haipeanna seo tríú páirtí de réir Dhlí um Chosaint Sonraí agus gur oibrítitheoirí iad atá iontaofa.

SONRAÍ A CHOINNEÁIL

Coinneoidh Sinn Féin do shonraí pearsanta a fhad is go gcoinníonn tú ballraíocht nó eile mar is gá chun an t-eolas a d'iarr tú a sholáthar. Coinneoidh Sinn Féin do shonraí pearsanta fosta de réir mar is gá chun na hoibleagáidí dlíthiúla agus nósanna imeachta inmheánacha an pháirtí a chomhlíonadh.

DO CHEARTA

Tá cearta áirithe agat faoi dhlí um chosaint sonraí, de réir díolúintí áirithe, maidir leis an bpróiseáil a dhéanaimid ar do shonraí pearsanta:

An ceart chun na sonraí a fháil - Tá sé de cheart agat cóip de na sonraí pearsanta a choinnímid fút a iarraidh, in éineacht le heolas eile faoin bpróiseáil atá déanta againn ar na sonraí pearsanta sin.

An ceart chun coigeartaithe - Má bhíonn sonraí ar bith atá againn fút míchruinn, tá sé de cheart agat iarraidh é a bheith leasaithe, nó mura bhfuil an t-eolas atá againn fút neamhiomlán, is féidir leat a iarraidh orainn an t-eolas a uasdátú ionas go mbeidh sé ceart.

An ceart chun na sonraí a fháil - Tá sé de cheart agat cóip de na sonraí pearsanta a choinnímid fút a iarraidh, in éineacht le heolas eile faoin bpróiseáil atá déanta againn ar na sonraí pearsanta sin. An ceart chun a bheith ligthe i ndearamad a thugtar air seo.

An ceart chun srian a chur ar an bpróiseáil nó chun dul in aghaidh na próiseála - Tá sé de cheart agat a iarraidh nach leanaimid ar aghaidh ag próiseáil do shonraí pearsanta ar mhaithe le cúinsí faoi leith, nó dul in aghaidh na próiseála ar do shonraí pearsanta le haghaidh cúiseanna faoi leith.

An ceart le haghaidh soghluaisteachta sonraí - Tá sé de cheart agat iarraidh orainn, nó ar thríú páirtí, cóip de do shonraí pearsanta a iarraidh i bhformáid struchtúrtha meaisín-inléite agus a bhíonn in úsáid go minic.

Chun na cearta seo thuas a chleachtadh, déan teagmháil linn tríd na sonraí teagmhála atá leagtha amach thíos.

SONRAÍ PEARSANTA A AISTRIÚ TAOBH AMUIGH DEN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH.

Creideann Sinn Féin go n-aistreofar eolas pearsanta ar bith a bhfuilimid ag plé leis agus dá mbaineann an fógra príobháideachais seo chuig tír ar bith lasmuigh den AE.

CEISTEANNA AGUS GEARÁIN

Má tá aon cheisteanna nó aon ghearáin agat maidir leis an bpróiseáil atá á déanamh againn ar do shonraí pearsanta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ach na sonraí teagmhála seo a leanas a úsáid:

Post: Oifigeach Comhlíontacháin um Chosaint Sonraí, Sinn Féin, 44 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

Ríomhphost: dataprotection@sinnfein.ie

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhairt cuairt ar: <http://www.sinnfein.ie/privacy>.

Tá sé de cheart agat fosta gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí má tá tú míshásta leis an bpróiseáil atá á déanamh againn ar do shonraí pearsanta. Is féidir teacht ar mhionsonraí faoin dóigh le gearán a chur isteach ar shuíomh gréasáin dataprotection.ie, nó is féidir leat glaoc ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar 1890 252 231.